**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

# P10_TA(2026)0238

## Cearta aerphaisnéirí

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Iúil 2026 ar an téacs comhpháirteach, arna fhormheas ag an gCoiste Idir-réitigh, le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás ina ndiúltaítear cead bordála dóibh nó i gcás ina gcuirtear eitiltí ar ceal nó ina gcuirtear moill fhada orthu agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer (PE-CONS 00039/2026 – C10-0144/2026 – 2013/0072(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an tríú léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don téacs comhpháirteach a d'fhormheas an Coiste Idir-réitigh (PE-CONS 00039/2026 – C10-0144/2026),

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 11 Iúil 2013[1],

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint don seasamh uaithi ar an gcéad léamh[2] ar an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2013)0130),

– ag féachaint don seasamh uaithi ar an dara léamh[3] ar an seasamh ón

[1] IO C 327, 12.11.2013, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/ga/TXT/?uri=celex:52013AE2576.
[2] IO C 93, 24.3.2017, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex%3A52014AP0092/Téacsanna arna nglacadh an 5.2.2014, P7_TA(2014)0092.
[3] Téacsanna arna nglacadh an 21.1.2026, P10_TA(2026)0009.

gComhairle ar an gcéad léamh[4],

– ag féachaint don tuairim a d'eisigh an Coimisiún faoi na leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (COM(2026)0129),

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an dara léamh,

– ag féachaint d'Airteagal 294(13) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 79 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil óna toscaireacht chuig an gCoiste Idir-réitigh (A10-0191/2026),

1. ag formheas an téacs chomhphháirtigh;

2. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

3. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a bheidh sé fíoraithe go bhfuil na nósanna imeachta ar fad curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArd-Rúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

4. á threorú dá hUachtarán an rún reachtach seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[4] IO C, C/2025/5782, 30.10.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex%3A52025AG0010%2801%29.